RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2499 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Nollaig 2022

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), an tríú fomhír, Airteagal 5a(2), Airteagal 8(3), an tríú agus an ceathrú fomhír, agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 10(3), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2015/220 ón gCoimisiún ([2]) déantar foráil maidir leis bhféidearthacht síneadh 3 mhí a chur leis an sprioc-am maidir le tarchur sonraí tuairisceáin feirme go dtí an 31 Nollaig tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta atá i gceist. Deonaíodh an fhéidearthacht sin ón mbliain chuntasaíochta 2019 i leith mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tá an brú a bhí ann de dheasca na paindéime ag dul i léig agus tharchuir formhór na mBallstát na sonraí gan úsáid a bhaint as an síneadh. Dá bhrí sin, níl gá a thuilleadh leis an bhféidearthacht síneadh a chur leis an sprioc-am. Ionas go mbeidh am leordhóthanach ag na Ballstáit oiriúnú don athrú sin, ba cheart an fhéidearthacht síneadh a chur leis an sprioc-am scor de bheith infheidhme ón mbliain chuntasaíochta 2022.

(2) Ionas gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin tacaíocht leormhaith a thabhairt d'údaráis na mBallstát ar a bhfuil cúraimí tarchurtha na sonraí cuntasaíochta roimh an sprioc-am tarchurtha sonraí, agus ionas nach slógfar foireann an Choimisiúin agus na mBallstát ag tréimhse dheireadh na bliana, ba cheart a mheas gurb é an 15 Nollaig tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta atá i gceist an sprioc-am le haghaidh tharchur na sonraí. Ba cheart an t-athrú sin a bheith infheidhme ón mbliain chuntasaíochta 2022. Mar sin féin, mar gheall ar shainiúlacht na rialacha cuntasaíochta sa Ghearmáin agus ag cur san áireamh an teist ar an nGearmáin maidir leis na sonraí sin a sholáthar, ba cheart cead a bheith ag an nGearmáin na tuairisceáin feirme a chur faoi bhráid an Choimisiúin suas le 15 seachtaine tar éis sprioc-am an 15 Nollaig.

(3) Déantar foráil in Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun (AE) 2015/220 maidir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais le costais bailithe sonraí na mBallstát. Maidir leis an táille chaighdeánach in aghaidh an tuairisceáin feirme atá ann faoi láthair, tá codanna seasta agus athraitheacha inti. Chun struchtúr na táille caighdeánaí agus an phróiseáil sonraí a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún a shimpliú go mór, ba cheart táille chaighdeánach a shocrú nach bhfuil ach cuid sheasta aici, arb í suim na gcodanna seasta agus athraitheacha atá ann faoi láthair. Is furasta simpliú den sórt sin a chur i bhfeidhm agus ba cheart feidhm a bheith aige ón mbliain chuntasaíochta 2022.

(4) Tar éis don Fhrainc a iarraidh an dá roinn LSCF (an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme) atá aici, "Guadalúip" agus "Martinique", a chumasc in aon rannán amháin ar a dtabharfar "Antilles françaises", ós rud é gurb an-chosúil na cineálacha feirmeoireachta a dhéantar ar fheirmeacha an dá rannán LSCF atá ann faoi láthair, (feirmeacha a dhéanann speisialtóireacht i dtorthaí a fhás, bananaí go sonrach, agus i dtáirgeadh cánaí siúcra agus gairneoireacht chomh maith). Leis an gcumasc sin soláthrófar méid sampla níos mó as a dtiocfaidh torthaí níos láidre maidir le níos mó cineálacha feirmeoireachta. Is iomchuí cead a thabhairt don Bhallstát sin athbhreithniú a dhéanamh ar a phlean roghnúcháin don bhliain chuntasaíochta 2023. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a leasú dá réir.

([1]) IO L 328, 15.12.2009, lch. 27.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 an 3 Feabhra 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú (IO L 46, 19.2.2015, lch. 1).

(5) Tar éis don Ungáir a iarraidh an líon gabháltas tuairisceáin a athrú mar aon leis an tairseach maidir le méid eacnamaíoch mar thoradh ar athruithe struchtúracha sa talmhaíocht, is iomchuí cead a thabhairt don Bhallstát sin a phlean roghnúcháin agus an tairseach maidir le méid eacnamaíoch a athbhreithniú don bhliain chuntasaíochta 2023 agus an líon gabháltas tuairisceáin a ath-leithdháileadh nó a mhodhnú dá réir sin Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a leasú dá réir.

(6) Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, ní rachfar i mbun sonraí LSCF a bhailiú sa tír sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a leasú dá réir.

(7) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas foinsí fuinnimh a éagsúlú, ba cheart an chatagóir breoslaí téimh i dTábla H d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a fhoroinnt i ngáis nádúrtha agus i ngáis mhonaraithe, táirgí ola agus peitriliam, agus breoslaí iontaise soladacha chomh maith le breoslaí in-athnuaite ionas gur fearr an t-eolas faoina gcostais shonracha ar leibhéal na feirme, ba cheart feidhm a bheith ag foroinnt na catagóire breoslaí téimh amhail ón mbliain chuntasaíochta 2023 ar bhonn deonach agus ar bhonn éigeantach ón mbliain chuntasaíochta 2025 ar aghaidh.

(8) Le Tábla J d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ceanglaítear ar na Ballstáit meánlíon ainmhithe an ghabháltais talmhaíochta a sholáthar. Úsáidtear é ansin chun aschur caighdeánach na feirme agus a méid eacnamaíoch a ríomh. Chun staid eisceachtúil a léiriú (e.g. galar ar an ngabháltas nó ciondíothú ar chúis sláintíochta) as a n-eascraíonn laghdú sealadach ar an meánlíon ainmhithe gan cur isteach ar acmhainneacht an ghabháltais táirgeadh tar éis dheireadh na staide eisceachtúla, tá sé beartaithe uimhir thagartha a thabhairt isteach d'ainmhithe chun acmhainneacht táirgthe an ghabháltais ar leith a thréithriú. Ba cheart feidhm a bheith ag an athróg nua atá beartaithe amhail ón mbliain chuntasaíochta 2022 ar bhonn deonach.

(9) Ó 2023 ar aghaidh beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) lena n-athchóirítear an comhbheartas talmhaíochta agus, dá bhrí sin, is gá an liosta íocaíochtaí agus deontas i dTábla M d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a thabhairt cothrom le dáta.

(10) Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 foirm agus leagan amach na sonraí cuntasaíochta atá sna tuairisceáin feirme. Ionas go ndéanfar ceistneoir an tuairisceáin feirme a shimpliú agus a shoiléiriú, ba cheart an Iarscríbhinn sin a oiriúnú chun léiriú a dhéanamh ar na chéad torthaí a chuir an Mheitheal um shimpliú agus nuachóiriú LSCF ar fáil. Sna nótaí míniúcháin le haghaidh Thábla B, tá tagairt sa nóta le haghaidh chód UO (B.UO. UAA feirmeoireacht úinéara) do chód barr 11300 nach bhfuil bailí a thuilleadh agus is earráid é. Ba cheart an earráid sin a cheartú.

(11) Le Cuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220, déantar foráil maidir leis an tábla comhghaoil agus na cóid athghrúpála lena nasctar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1874 ón gCoimisiún ([4]) agus tuairisceáin feirme LSCF. Sa liosta cód lena ndéantar athghrúpáil ar roinnt athróg a áirítear in IFS (Staidreamh comhtháite feirme) 2020 a leagtar amach i roinn II de Chuid B, tá botún cló san iontráil a bhaineann le cód P16 ar gá é a cheartú.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 a leasú agus a cheartú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme,

([3]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

([4]) IO L 306, 30.11.2018, lch. 14.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tarchuirfear na tuairisceáin feirme chuig an gCoimisiún faoin 15 Nollaig tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta i gceist.

Mar sin féin, féadfaidh an Ghearmáin na tuairisceáin feirme a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 seachtaine tar éis an sprioc-ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"*Airteagal 14*

Méid na táille caighdeánaí

1. Socrófar an táille chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán Uimh. 1217/2009 ag EUR 180 in aghaidh an tuairisceáin feirme.

2. Maidir leis an tairseach 80 % dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, mura mbaintear amach é ar leibhéal rannáin LSCF ná ar leibhéal an Bhallstáit lena mbaineann, cuirfear an laghdú dá dtagraítear san fhoráil sin i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta amháin.";

(3) Déantar Iarscríbhinní I, II, agus VIII a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

(4) Leasaítear Tábla J d'Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil P16:

"P16. Olashíolta =	SO_CLND022 (síolta ráibe agus ráibe tornapa) + SO_CLND023 (Síolta lus na gréine) + SO_CLND024 (Soighe) + SO_CLND025 (líon ola (ros lín)) + SO_CLND026 (Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile)":

(2) in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220, in ionad annóta míniúcháin le haghaidh chód B.UO. in ionad "LTÚ le haghaidh feirmeoireacht úinéara" cuirtear an méid seo a leanas:

"B.UO.10.A LTÚ (talamh arúil, féarthalamh buan, barra buana agus garraithe cistine) arb é an feirmeoir an t-úinéir, an tionónta saoil nó an léas-sealbhóir agus/nó tá LTÚ á shealbhú ar théarmaí comhchosúla.".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (1), (2) agus (4) maidir le tuairisceáin feirme a tharchur ón mbliain chuntasaíochta 2022.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3) ón mbliain chuntasaíochta 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na Fraince:

"An Fhrainc (cé is moite de La Réunion agus Aintillí na Fraince)	25 000
An Fhrainc (La Réunion agus Aintillí na Fraince amháin)	15 000"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na hUngáire:

"An Ungáir	8 000"

(c) scriostar an iontráil le haghaidh na Ríochta Aontaithe;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na Fraince:

"An Fhrainc		
121	Île-de-France	190
131	Champagne-Ardenne	370
132	Picardie	270
133	Haute-Normandie	170
134	An lár	410
135	Basse-Normandie	240
136	Bourgogne	340
141	Nord-Pas de Calais	280
151	Lorraine	230
152	Alsace	200
153	Franche-Comté	210
162	Pays de la Loire	460
163	Bretagne	480
164	Poitou-Charentes	360
182	Aquitaine	550
183	Midi-Pyrénées	480
184	Limousin	220
192	Rhône-Alpes	480
193	Auvergne	360
201	Languedoc-Roussillon	430
203	Provence-Alpes-Côte d'Azur	420
204	Corse	170
207	La Réunion	160
208	Antilles françaises	120
Iomlán na Fraince		7 600"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na hUngáire:

"An Ungáir		
764	Észak-Magyarország	180
767	Alföld	1 200
768	Dunántúl	570
	Iomlán na hUngáire	1 950"

(c) scriostar an iontráil le haghaidh na Ríochta Aontaithe;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míreanna faoi bhun an teidil:

"Aicmítear na sonraí atá le bailiú de réir tábla agus miondealaítear iad ina ngrúpaí, ina gcatagóirí agus ina gcolúin. Is é an coinbhinsiún a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do réimse sonrach:

<litir thábla>.<grúpa>.<cód catagóire>(.<cóid chatagóire shonracha eile).colún

Déantar luachanna sonraí sonracha a ghabháil ar leibhéal an cholúin. Sna táblaí a leagtar amach thíos, is éard atá i gcealla folmha an áit ar féidir glacadh le luachanna sonraí; níl aon bhrí le cealla a mharcáiltear le '—' i gcomhthéacs an ghrúpa, mar sin ní ghlactar le haon sonraí iontu sin.

Samplaí:

— Is éard atá in B.UT.20.A (colún A den ghrúpa UT, catagóir 20, ó thábla B) an 'Achar' in 'LTÚ ar cíos' (Achar a úsáidtear le haghaidh talmhaíocht thionóntach) atá le taifeadadh faoi 'LTÚ le haghaidh feirmeoireacht thionóntach' i dtábla B.

— Is éard atá in I.A.10110.1.0.TA (colún TA de ghrúpa A, catagóir 10110, ó thábla I) an limistéar iomlán 'Cruithneacht bhog agus speilt' le haghaidh cineál barr 1 'Barra ar scála goirt — príomhbharr, barr comhcheangailte' agus cóid sonraí in easnamh 0 'Níl aon sonraí in easnamh'.

— Is éard atá in M.S.1150.1.2.V (colún V den ghrúpa S, catagóir 1150 maille le cóid chatagóire shonracha eile 1 agus 2 ó thábla M) luach an fhóirdheontais 'Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta – bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta' a mhaoinítear as buiséad an Aontais amháin agus a dheonaítear in aghaidh an heicteáir.

Nuair nach bhfuil luach ábhartha nó in easnamh i gcás aon ghabháltas ar leith, ná cuirtear isteach an luach '0'.

Léirítear na táblaí le litir amháin, na grúpaí le litir amháin nó níos mó, na catagóirí le cóid uimhriúla agus na colúin le litir amháin nó níos.

Maidir leis na táblaí A go M, léiríonn an chéad tábla an mhaitrís ardleibhéil le haghaidh grúpaí agus colún. Léiríonn an dara tábla conas a mhiondealaítear sin maidir le catagóirí i gcás ina léirítear gach catagóir le cód agus fochóid amháin nó níos mó.

Ba cheart na sonraí i dtuairisceán feirme a thabhairt de réir an leibhéil cruinnis seo a leanas:

luachanna airgeadais: luachanna in EUR nó in aonaid airgeadaíochta náisiúnta gan deachúil. Mar sin féin, i gcás airgeadraí náisiúnta inarb luach coibhneasta íseal é an t aonad i gcomparáid le EUR, féadfar comhaontú idir gníomhaireacht idirchaidrimh an Bhallstáit atá i gceist agus foireann an Choimisiúin a bhainistíonn LSCF, chun na luachanna a shloinneadh ina gcéadta nó ina mílte den aonad airgeadra náisiúnta,

cainníochtaí fisiceacha: i gcéadta cileagram (1 q = 100 kg) cé is moite d'uibheacha, a shloinnfear i mílte agus sloinnfear fíon agus táirgí gaolmhara i heictilítir,

achair: in áir, (1 a = 100 m2), cé is moite de bheacáin a shloinnfear i méadair chearnacha den achar iomlán barraithe agus cé is moite de Thábla M 'Fóirdheontais', áit a bhfuil aonaid bhunúsacha le clárú i heicteáir,

meánlíon beostoic: go dtí dhá ionad dheachúlacha, cé is moite d'éanlaithe clóis agus coiníní, a bhfuil dhá shlánuimhir le tabhairt ina leith, agus de bheacha atá le sloinneadh de réir an líon coirceog áitithe,

aonaid saothair: go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Maidir le gach catagóir thábla agus luach colúin, leagtar amach i ndiaidh an tábla lena mbaineann tuilleadh sainmhínithe agus treoracha.';

(b) Leasaítear Tábla A (Faisnéis ghinearálta faoin ngabháltas) mar a leanas:

(i) sa chéad agus sa dara cuid den tábla, scriostar an colún 'Uimhir na hoifige cuntasaíochta' (AO);

(ii) leasaítear an dara cuid den tábla mar a leanas:

(1) scriostar an ró le haghaidh chód 50;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chóid 230, 231 agus 232:

"Cód (*)	Tuairisc	**Grúpa**	R	S	H	DG	MI	N	DT	W	TF	ES	C
230	Ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)	**OT**	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	AO-T230C
231	Ábharthacht eacnamaíoch Eagraíochtaí Táirgeoirí (Etanna) don fheirm	**OT**	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	AO-T231C
232	An líon ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)	**OT**	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	AO-T232C"

(c) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla A mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo i leanas in ionad na nótaí le haghaidh na gcód 60 agus 70 faoi A.AI. (Faisnéis chuntasaíochta) Thábla A:

"A.AI. **Faisnéis chuntasaíochta**

A.AI.60.C. *An cineál cuntasaíochta:* tá tásc le tabhairt maidir leis an gcineál cuntasaíochta atá in úsáid ag an bhfeirm. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1. Cuntasaíocht iontrála dúbailte.

2. Cuntasaíocht iontrála singile.

3. Gan cód ar bith.

A.AI.70.DT. *Dáta dúnta cuntas*: le taifeadadh i bhformáid 'BBBB-MM-LL' mar shampla 2009-06-30 nó 2009-12-31.";

(ii) cuirtear an méid seo i leanas in ionad an nóta le haghaidh chód 230 faoi A.OT. (Sonraí eile a bhaineann leis an ngabháltas) i dTábla A:

"A.OT.230.C *Ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)*: Léiriú an ball í an fheirm (sealbhóirí nó bainisteoirí feirme) d'eagraíocht táirgeoirí a chomhroinneann costais agus nó a chuireann margaíocht táirgí talmhaíochta chun cinn, agus más amhlaidh, cé acu de tháirgí na feirme a mhargaíonn an eagraíocht táirgeoirí (roghnaigh na hearnálacha go léir a chumhdaíonn Etanna ar ball díobh an fheirm). Chun críoch an tsuirbhé seo, tagraíonn 'eagraíochtaí táirgeoirí' d'aon chineál eintitis a bunaíodh ar thionscnamh na dtáirgeoirí chun gabháil do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha in earnáil shonrach (comhar cothrománach). Ní mór eagraíochtaí táirgeoirí a bheith á rialú ag táirgeoirí, is féidir iad a bheith i bhfoirmeacha dlíthiúla éagsúla e.g. comharchumainn talmhaíochta, comhlachais feirmeoirí, nó cuideachtaí príobháideacha ina bhfuil táirgeoirí ina scairshealbhóirí.

0. ní ball d'eagraíocht táirgeoirí í an fheirm

Is ball d'eagraíocht táirgeoirí í an fheirm chun costais táirgeachta, riaracháin agus infheistíochta a chomhroinnt agus/nó is ball í d'eagraíocht táirgeoirí chun táirgí na feirme a mhargú, cuir i gcás:

31. gránaigh

32. olashíolta agus barra próitéine

33. torthaí agus glasraí (lena n-áirítear torthaí citris, seachas ológa)

34. ológa

35. fíonghoirt

36. mairteoil

37. bainne bó

38. muiceoil

39. caoirigh agus gabhair (bainne agus feoil)

40. feoil éanlaithe clois:

41. uibheacha

42. earnáil eile.";

(d) Cuirtear an méid seo i leanas in ionad Thábla C (Saothar):

"An chatagóir saothair	Cód(*)

		Colúin						
		Ginearálta				Iomlán na oibre ar an ngabháltas (obair thalmhaíochta agus obair le haghaidh gníomhaíocht shochrach eile (GSE) a bhaineann go díreach leis an ngabháltas)		Sciar den obair le haghaidh gníomhaíocht shochrach eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas
Grúpaí faisnéise		An líon daoine	Inscne	Bliain bhreithe	Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora	An méid ama bliantúil a oibríodh	An líon Aonad Oibrithe Bliantúil (AOB)	% den mhéid ama bhliantúil a oibríodh
		P	**G**	**B**	**T**	**Y1**	**W1**	**Y2**
		Slánuimhir	Cuirtear isteach an cód	Ceithre dhigit	Cuirtear isteach an cód	(uaireanta an chloig)	(AOB)	%
UR	Obair rialta gan phá							
UC	Obair ócáideach gan phá	-	-	-	-		-	
PR	Obair rialta ar íocaíocht							
PC	Obair ócáideach ar íocaíocht	-	-	-	-		-	

Cód(*)	Tuairisc	Grúpa	**P**	**G**	**B**	**T**	**Y1**	**W1**	**Y2**
10	Sealbhóirí/bainisteoirí	**UR**	-						-
20	Sealbhóirí/nach bainisteoirí iad	**UR**	-			-			-
30	Bainisteoirí/nach sealbhóirí iad	**UR**	-						-
40	Céilí/páirtnéirí na sealbhóirí	**UR**		-	-	-			
50	Eile	**UR, PR**		-	-	-			
60	Obair ócáideach	**UC, PC**	-	-	-	-		-	
70	Bainisteoir a íoctar	**PR**	-						-“

(e) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla C mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na nótaí faoi C.PR (Obair rialta ar íocaíocht):

“**C.PR. Obair rialta ar íocaíocht**

Obair ar íocadh aisti (in airgead tirim agus/nó in íocaíocht chomhchineál) ar an ngnáthscála i leith seirbhísí arna soláthar agus arna n oibriú ar feadh lá iomlán amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine le haghaidh an ghabháltais le linn na bliana cuntasaíochta (cé is moite de ghnáthlaethanta saoire).

Tá na catagóirí seo a leanas le taispeáint:

C.PR.70. Bainisteoir a íoctar

An duine faoi thuarastal atá freagrach as an ngabháltas a bhainistiú ó lá go lá.

C.PR.50. Eile

Déantar gach obair rialta ar íocaíocht (cé is moite de bhainisteoir an ghabháltais faoi thuarastal) a chomhiomlánú faoin ngrúpa seo. Áirítear freisin maoir agus fobhainisteoirí nach bhfuil freagrach as an bhfeirm ar fad a bhainistiú.”;

(ii) sna nótaí a ghabhann leis na colúin i dTábla C, scriostar an nóta a ghabhann le “Sciar den obair le haghaidh GSE mar % den líon aonad oibrithe bliantúil (colún W2)”;

(f) i dTábla D (Sócmhainní), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara cuid:

“Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	**OV**	**AD**	**DY**	**IP**	**S**	**SA**	**CV**
1005	Airgead, infháltais, sócmhainní reatha eile agus coibhéisí		-	-	-	-	-”	
1040	Fardail		-	-				
2010	Sócmhainní bitheolaíocha - plandaí							
3010	Talamh talmhaíochta		-	-				
3020	Feabhsuithe talún							
3030	Foirgnimh feirme							
4010	Innealra agus trealamh							

5010	Talamh foraoise lena n áirítear adhmad coille		-	-				
7005	Sócmhainní doláimhsithe							
8010	Sócmhainní neamhreatha eile							

(g) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla D mar a leanas:

(i) scriostar na nótaí a ghabhann le cóid 1010, 1020 agus 1030 agus cuirtear an nóta seo a leanas isteach roimh an nóta a ghabhann le cód 1040:

"1005. **Airgead, infháltais, sócmhainní reatha eile agus coibhéisí**

Airgead tirim agus sócmhainní eile is féidir a chomhshó go héasca ina n airgead tirim. Sócmhainní gearrthéarmacha, méideanna atá dlite don ghabháltas, a eascraíonn as gníomhaíochtaí gnó de ghnáth. Aon sócmhainn eile a dhíoltar go héasca nó a bhfuil coinne leis go n íocfar astu laistigh de bhliain.";

(ii) scriostar na nótaí a ghabhann le cóid 7010 agus 7020 agus cuirtear an nóta seo a leanas isteach tar éis an nóta a ghabhann le cód 5010:

"7005. **Sócmhainní doláimhsithe**

Gach sócmhainn dholáimhsithe is féidir a cheannach nó a dhíol go héasca (e.g. cuótaí agus cearta nuair is cuótaí agus cearta intrádála iad gan talamh agus nuair is ann do mhargadh gníomhach) mar aon le gach sócmhainn dholáimhsithe nach féidir a cheannach ná a dhíol go héasca (e.g. bogearraí, ceadúnais). Ní mór an ceannteideal a líonadh isteach agus tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa i gcolún DY.";

(h) i dTábla H (ionchuir), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara cuid:

"Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	**V**	**Q**
1010	**LM**	Pá agus costais slándála sóisialta le haghaidh obair ar íocaíocht		-
1020	**LM**	Obair faoi chonradh agus tógáil innealra ar cíos		-
1030	**LM**	Cothabháil reatha innealra agus trealaimh		-
1040	**LM**	Breoslaí mótair agus bealaí		-
1050	**LM**	Caiteachais ghluaisteáin		-
2010	**SL**	Beatha ainmhithe tiubhaithe arna cheannach le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)		-
2020	**SL**	Farae garbh arna cheannach le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)		-
2030	**SL**	Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh muc		-
2040	**SL**	Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile		-
2050	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)		-
2060	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh muc		-
2070	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile		-
2080	**SL**	Caiteachais tréidliachta		-
2090	**SL**	Costais bheostoic shonracha eile		-
3010	**SC**	Síolta agus síológa a ceannaíodh		-
3020	**SC**	Síolta agus síológa a táirgeadh agus a úsáideadh ar an bhfeirm		-
3030	**SC**	Leasaithigh agus feabhsaitheoirí ithreach		-
3031	**SC**	Cainníocht N a úsáidtear i leasacháin mhianracha	-	

3032	**SC**	Cainníocht P205 a úsáidtear i leasacháin mhianracha	-	
3033	**SC**	Cainníocht K2O a úsáidtear i leasacháin mhianracha	-	
3034	**SC**	Aoileach beostoic a ceannaíodh		-
3040	**SC**	Táirgí cosanta plandaí		-
3090	**SC**	Costais bharra shonracha eile		-
4010	**OS**	Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid		-
4020	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil barr		-
4030	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil bainne bainne bó		-
4045	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil bainne ainmhithe eile		-
4070	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil feola agus le próiseáil táirgí ainmhithe eile		-
4090	**OS**	Costais shonracha eile le haghaidh gníomhaíochtaí sochracha eile		-
5010	**FO**	Cothabháil reatha ar fheabhsuithe talún agus agus ar fhoirgnimh		-
5020	**FO**	Leictreachas		-
5030	**FO**	Breoslaí téimh, iomlán		-
5031	**FO**	ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad		-
5032	**FO**	ar ola agus táirgí peitriliam iad		-
5033	**FO**	ar breoslaí iontaise soladacha iad		-
5034	**FO**	ar breoslaí in-athnuaite iad (adhmad, tuí, bithghás, ...)		-
5040	**FO**	Uisce		-
5051	**FO**	Árachas talmhaíochta		-
5055	**FO**	Árachas feirme eile		-
5061	**FO**	Cánacha agus dleachtanna eile		-
5062	**FO**	Cánacha agus muirir eile ar thalamh agus ar fhoirgnimh		-
5070	**FO**	Cíos arna híoc, iomlán		-
5071	**FO**	ar cíos í a íocadh ar thalamh		-
5080	**FO**	Ús agus muirir airgeadais a íocadh		-
5090	**FO**	Forchostais feirmeoireachta eile		-”

(i) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla H mar a leanas:

(1) scriostar na nótaí a ghabhann le cóid 4040, 4050 agus 4060 agus cuirtear an nóta seo a leanas isteach tar éis an nóta a ghabhann le cód 4030:

“4045. **Costais shonracha maidir le próiseáil bainne ainmhithe eile**

Comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte dílse nó comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte arna gceannach agus costais shonracha eile maidir le próiseáil bainne (na costais shonracha phacáistíochta nó mhargaíochta) ainmhithe eile’ (e.g.: buabhall, caora, gabhar). Ní áirítear costais saothair, obair faoi chonradh agus meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad nóta chód 5030:

“5030. **Breoslaí téimh (iomlán)**

Luach ídithe iomlán breoslaí téimh arna gceannach le haghaidh úsáid ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh. Áirítear sa chatagóir sin ídiú breoslaí iontaise arna gceannach maidir le téamh: gáis nádúrtha agus gáis mhonaraithe, ola, táirgí peitriliam agus breoslaí iontaise soladacha mar aon le hídiú foinsí fuinnimh in-athnuaite arna gceannach (e.g. adhmad, tuí, millíní, bithghás).

5031. **Ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad**

Ídiú iomlán gáis nádúrtha agus gás iontaise monaraithe eile le haghaidh úsáid ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5032. **Ar ola agus táirgí peitriliam iad**

Ídiú iomlán ola agus táirgí peitriliam eile le haghaidh úsáid ghnó feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5033. **Ar breoslaí iontaise soladacha iad**

Ídiú iomlán breoslaí iontaise soladacha (e.g. gual) le haghaidh úsáid ghnó feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5034. **Ar breosla in-athnuaite iad**

Ídiú iomlán breoslaí in-athnuaite (e.g. adhmad, tuí, millíní, bithghás) le haghaidh úsáid ghnó feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

Maidir le tíolacadh sonraí a bhaineann le hathróga 5031, 5032, 5033 agus 5034, tá sé deonach amhail ón mbliain chuntasaíochta 2023 agus tá sé sainordaitheach amhail ón mbliain chuntasaíochta 2025.";

(j) Leasaítear Tábla I (Barra) mar a leanas:

(i) sa dara cuid den tábla, cuireadh isteach an méid seo a leanas in ionad na n iontrálacha faoin teideal "Fréamhacha agus Tiúbair";

"**Fréamhacha agus Tiúbair**	
10300	Prátaí (lena n áirítear prátaí luatha agus prátaí síl)
10310	- ar prátaí iad le haghaidh stáirse
10390	- ar prátaí eile iad
10400	Biatas siúcra (seachas síol)
10500	Barra fréimhe, biatas farae agus plandaí farae eile den fhine *Brassicae*, a fhástar le haghaidh na fréimhe nó an ghais, agus barra fréimhe farae agus tiúbair eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile."

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú cuid de tábla na gcód sonraí in easnamh:

"Tá na cóid sonraí in easnamh le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
1	Ba cheart Cód 1 a iontráil nuair nach féidir an t achar a chumhdaítear le barr a thuairisciú, mar shampla i gcás díolacháin táirgí barr indíolta a cheannaítear mar bharr ar a chois nó a thagann ó thalamh atá ar cíos ar feadh tréimhse níos lú ná 1 bhliain amháin ar bhonn ócáideach.
2	Ba cheart Cód 2 a iontráil nuair nach féidir táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i heictilítir le haghaidh fíona agus táirgí a bhaineann le fíon) mar gheall ar na coinníollacha díola nó i gcás nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann.
4	Ba cheart Cód 4 a iontráil nuair nach féidir an t achar a chumhdaítear le barr a thuairisciú agus nuair nach ann do tháirgeadh iarbhír nó nach féidir táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i heictilítir le haghaidh fíona agus táirgí a bhaineann le fíon)."

(k) sna nótaí míniúcháin a ghabhann leis na grúpaí faisnéise i dTábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta a ghabhann le hítimí faoi I.P.R (Táirgeadh):

"I.PR **Táirgeadh**

Maidir leis an ngrúpa faisnéise táirgthe (PR), tá cainníochtaí na mbarr a táirgeadh (Q) le linn na bliana cuntasaíochta (cé is moite d'aon chaillteanais sa ghort agus ar an bhfeirm) le taifeadadh. Léirítear na cainníochtaí sin le haghaidh phríomhtháirgí an ghabháltais (seachas seachtháirgí).

Ba cheart na cainníochtaí sin a shonrú i gcéadta cileagram (100 kg) maille le díolúine ó fhíon agus ó tháirgí a bhaineann le fíon, a shloinntear i heictilítir. Nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram mar gheall ar na coinníollacha díola, ba cheart an cód 2 sonraí in easnamh a iontráil.

Maidir le cóid 10790 'Glasraí eile' agus 90900 'Eile', níor cheart an chainníocht a sholáthar.";

(l) i dTábla K (Táirgí agus seirbhísí ainmhithe) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara cuid maidir leis an tuairisc ar earraí agus seirbhísí agus an tríú cuid maidir leis na cóid sonraí in easnamh:

"Cód (*)	Tuairisc
261	Bainne bó
262	37. bainne buabhaill
311	Bainne caorach
321	Bainne gabhair
330	Olann
531	Uibheacha lena gcaitheamh ag an duine (éanlaith chlóis uile)
532	Uibheacha goir (éanlaith chlóis uile)
700	Mil agus táirgí beachaireachta
800	Aoileach
900	Táirgí ainmhithe eile
1100	Tógáil faoi chonradh
1200	Seirbhísí ainmhithe eile

Cód (**)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
2	Ba cheart Cód 2 a iontráil nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i mílte uibheacha) mar gheall ar na coinníollacha díola.
4	Ba cheart Cód 4 a iontráil nuair nach bhfuil ach stoic ann agus nuair nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann."

(m) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla K mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad nóta chód 1100:

"1100. Tógáil faoi chonradh

Méid na bhfáltas le haghaidh tógáil faoi chonradh a chomhfhreagraíonn go príomha d'íocaíocht as seirbhísí arna soláthar agus i gcás nach nglacann an sealbhóir leis an riosca eacnamaíoch a bhaineann leis na hainmhithe sin a thógáil nó a ramhrú de ghnáth, e.g.: eallach, caoirigh, gabhair, muca, éanlaith chlóis.';

(ii) scriostar nótaí na gcód sonraí in easnamh;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír faoin teideal; 'Grúpaí faisnéise i dTábla K':

'Maidir le seirbhísí ainmhithe amhail tógáil faoi chonradh (cóid 1100) agus seirbhísí eile baineann an t aon fhaisnéis amháin atá le soláthar leis na fáltais ba cheart a thaifeadadh faoin bhfaisnéis maidir le díolacháin (SA) sa luach colúin (V).";

(n) i dTábla L (GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara cuid maidir leis an tuairisc ar na cóid i ndáil le GSE agus an tríú cuid maidir leis na cóid sonraí in easnamh:

"Cód (*)	Tuairisc
261	Próiseáil bainne bó
263	Próiseáil bainne ainmhithe eile
900	Próiseáil feola nó táirgí ainmhithe eile
1010	Próiseáil bairr
1020	Foraoiseacht agus próiseáil adhmaid
2010	Obair chonartha
2020	Turasóireacht, cóiríocht, lónadóireacht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile
2030	Fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh
9000	Aon 'Gníomhaíochtaí sochracha eile' a bhaineann go díreach leis an bhfeirm

Cód (**)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
1	Ba cheart Cód 1 a iontráil i gcás táirgeadh a fhaightear trí bheostoc arna cheannach nó táirgí ainmhithe nó barr a phróiseáil.
2	Ba cheart cód 2 a iontráil nuair nach an féidir táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram mar gheall ar na coinníollacha díolacháin.
4	Ba cheart Cód 4 a iontráil nuair nach bhfuil ach stoic ann agus nuair nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann."

(o) leasaítear na nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla L mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad nóta chód 262:

"263. Próiseáil bainne ainmhithe eile, e.g. bainne buabhaill, bainne caorach, bainne gabhair";

(ii) scriostar nótaí na gcód sonraí in easnamh;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír faoin teideal "Grúpaí faisnéise i dTábla L" (Cainníocht (colún Q)):

"I gcás táirgí próiseáilte bainne (cóid 261, 263), léirítear cainníocht an bhainne leachta gan beann ar an bhfoirm ina ndíoltar é, ina dtomhlaítear é nó ina n úsáidtear é chun sochair chomhchineáil nó chun críoch feirme (uachtar, im, cáis, etc.).";

(p) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla M (Fóirdheontais) agus na nótaí míniúcháin a bhaineann leis:

"Struchtúr an Tábla

	Catagóir fóirdheontais/faisnéise riaracháin	Cód (*)		
	Maoiniú	Cód (**)		
	Aonad bunúsach	Cód (***)		
Grúpaí faisnéise		Colúin		
		An líon aonad bunúsach	Luach	Cineál
		N	**V**	**T**
S	Fóirdheontas			-
AI	Faisnéis riaracháin		-	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	**Grúpa**	**Tuairisc ar na catagóirí**	**Colúin**		
			N	**V**	**T**
		Íocaíochtaí díchúpláilte			
1250	S	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta			-
1300	S	Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta			-
1400	S	Scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe (éiciscéimeanna)			-
1600	S	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga			-
1700	S	Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí beaga			-
		Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte			
		Barra curaíochta			
		COP (gránaigh, olashíolta agus barra próitéine)			
23111	S	Gránaigh			-
23112	S	Olashíolta			-
23114	S	Barra próitéine agus léagúim ghráinneacha			-
2312	S	Prátaí			-
23121	S	Ar prátaí iad le haghaidh stáirse			-
2313	S	Biatas siúcra			-
		Barra tionsclaíocha			
23141	S	Líon			-
23142	S	Cnáib			-
23143	S	Leannlusanna			-
23144	S	Cána siúcra			-
23145	S	Siocaire			-

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
23149	S	Barra tionsclaíocha eile			-
2315	S	Glasraí			-
2316	S	Talamh branair			-
2317	S	Rís			-
2319	S	Barra curaíochta nach sainmhínítear			-
2320	S	Féarthalamh buan			-
2321	S	Farae triomaithe			-
2322	S	Íocaíocht bharrshonrach do chadás			-
2323	S	Clár náisiúnta athstruchtúraithe le haghaidh earnáil an chadáis			-
2324	S	Táirgeadh síolta			-
		Barra buana			
23311	S	Caora			-
23312	S	Cnónna			-
2332	S	Póma agus clochthoradh			-
2333	S	Plandálacha citris			-
2334	S	Plandálacha olóige — ola olóige agus ológa boird			-
2335	S	Fíonghoirt			-
2339	S	Barra buana nach luaitear in aon áit eile			-
		Ainmhithe			
2341	S	Déiríocht			-
2342	S	Mairteoil agus laofheoil			-
2343	S	Eallach (ní shonraítear an cineál)			-
2344	S	Caoirigh agus gabhair			-
2345	S	Muca agus éanlaith chlóis:			-
2346	S	Seiriceáin			-
2347	S	Táirgí beachaireachta			-
2349	S	Ainmhithe nach luaitear in aon áit eile			-
2410	S	Roschoillte gearr-uainíochta			-
2490	S	Íocaíochtaí cúpláilte eile nach luaitear in aon áit eile			-
		Deontais agus fóirdheontais de chineál eisceachtúil			
2810	S	Íocaíochtaí tubaiste			-
2890	S	Deontais eile agus fóirdheontais eile de chineál eisceachtúil			-
2900	S	**Íocaíochtaí díreacha eile nach luaitear in aon áit eile**			-

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
		Forbairt tuaithe			
3100	S	Infheistíochtaí, lena n áirítear infheistíochtaí in uisciú			-
3200	S	Cabhrú le feirmeoirí óga agus le feirmeoirí nua dul i mbun gnó agus tionscnamh gnólachtaí tuaithe			-
3310	S	Gealltanais bhainistíochta (gealltanais chomhshaoil, gealltanais a bhaineann leis an aeráid agus eile) (cé is moite de leas ainmhithe agus feirmeoireacht orgánach)			-
3320	S	Íocaíochtaí leasa ainmhithe			-
3350	S	Feirmeoireacht orgánach			-
3400	S	Míbhuntáiste a bhaineann go sonrach le limistéar a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe (e.g. Natura 2000, an Treoir Réime maidir le hUisce)			-
3500	S	Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar			-
	S	Infheistíochtaí foraoiseachta/infheistíochtaí neamhtháirgiúla			
3610	S	Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus i bhfeabhsú inmharthanacht na bhforaoisí			-
3620	S	Íocaíochtaí Natura 2000 le haghaidh fhoraoiseachta agus seirbhísí foraoise-comhshaoil agus aeráide agus tacaíocht le haghaidh caomhnú foraoisí			-
3750	S	Tacaíocht le haghaidh acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a athbhunú a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thionscnamh			-
3760	S	Uirlisí bainistithe riosca			-
3900	S	Íocaíochtaí eile le haghaidh forbairt tuaithe			-
		Deontais agus fóirdheontais maidir le costais			
4100	S	Pá agus slándáil shóisialta			-
4200	S	Breoslaí mótair			-
		Beostoc			
4310	S	Beatha le haghaidh féaránach			-
4320	S	Beatha le haghaidh muc agus éanlaith chlóis:			-
4330	S	Costais bheostoic eile			-
		Barr			
4410	S	Síolta			-
4420	S	Leasacháin			-
4430	S	Cosaint barraí			-
4440	S	Costais bharra shonracha eile			-
		Forchostais feirmeoireachta			
4510	S	Leictreachas			-
4520	S	Breoslaí téimh, iomlán			-
4521	S	ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad			-

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
4522	S	ar ola agus táirgí peitriliam iad			-
4523	S	ar breoslaí iontaise soladacha iad			-
4524	S	ar breosla in-athnuaite iad			-
4530	S	Uisce			-
4540	S	Árachas			-
4550	S	Ús			-
4600	S	Costais maidir le GSE			-
4900	S	Costais eile			-
		Deontais agus fóirdheontais le haghaidh beostoc a cheannach			
5100	S	Ceannacháin déiríochta			-
5200	S	Ceannacháin mhairteola			-
5300	S	Ceannacháin caorach agus gabhar			-
5400	S	Ceannacháin muc agus éanlaithe clóis:			-
5900	S	Ceannacháin ainmhithe eile			-
9000	S	**Difríochtaí ó bhlianta cuntasaíochta roimhe sin**			-
		Oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeáin CDTCT 2, 8 agus 9)			
10010	AI	CDTCT 2 maidir le bogaigh agus tailte portaigh	-	-	
10011	AI	CDTCT 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — féarthailte buana		-	-
10012	AI	CDTCT 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — talamh arúil		-	-
10013	AI	CDTCT 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — barra buana		-	-
10300	AI	CDTCT 8: an t íos-sciar den talamh arúil atá dírithe ar ghnéithe agus réimsí neamhtháirgiúla	-	-	
10310	AI	CDTCT 8: an líon heicteár de thalamh branair		-	-
10311	AI	CDTCT 8: an líon heicteár léibheann		-	-
10312	AI	CDTCT 8: an líon heicteár d'fhálta sceach, crann aonair nó grúpaí crann, sraitheanna crann		-	-
10313	AI	CDTCT 8: an líon heicteár d'imill pháirce, paistí nó stráicí maolánacha;		-	-
10318	AI	CDTCT 8: an líon heicteár barr breise		-	-
10319	AI	CDTCT 8: an líon heicteár barr fosaithe nítrigine		-	-
10324	AI	CDTCT 8: an líon heicteár díog		-	-

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
10325	AI	CDTCT 8: an líon heicteár sruthán		-	-
10326	AI	CDTCT 8: an líon heicteár linnte beaga;		-	-
10327	AI	CDTCT 8: an líon heicteár bogach beag		-	-
10328	AI	CDTCT 8: an líon heicteár ballaí cloiche		-	-
10329	AI	CDTCT 8: an líon heicteár carn		-	-
10330	AI	CDTCT 8: an líon heicteár gnéithe cultúrtha		-	-
10400	AI	CDTCT 9: toirmeasc ar thiontú nó ar threabhadh	-	-	
10401	AI	CDTCT 9: líon heicteár féarthailte buana i láithreáin Natura 2000		-	-
10402	AI	CDTCT 9: an líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i láithreáin Natura 2000 a chosnaítear faoi CDTCT 9 agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith;		-	-
10403	AI	CDTCT 9: an líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ar féarthailte buana iad a fhaigheann cosaint faoi CDTCT 9 agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith, i gcás inarb infheidhme.		-	-

Tá na cóid lena ndéantar cur síos ar an gcaoi a maoinítear an fóirdheontas le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc
0	Ní bhaineann le hábhar: tá an cód seo le húsáid i gcás faisnéis riaracháin
1	Maoinítear an fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais amháin.
2	Cómhaoiníonn an tAontas agus an Ballstát an beart.
3	Maoinítear an beart ó fhoinsí poiblí eile, seachas ó bhuiséad an Aontais.

Tá na cóid lena sainítear na haonaid bhunúsacha le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
0	Ní bhaineann le hábhar: tá an cód seo le húsáid i gcás faisnéis riaracháin
1	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh ceann beostoic.
2	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh an heicteáir.
3	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh an tona.
4	Feirm/eile: deonaítear an fóirdheontas le haghaidh na feirme ina hiomlán nó ar bhealach nach bhfuil oiriúnach do na catagóirí eile.

Cumhdaítear le Tábla M 'SUBSIDIES' deontais agus fóirdheontais a fhaigheann gabháltais talmhaíochta ó chomhlachtaí poiblí, idir comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí de chuid an Aontais araon. Chomh maith leis sin, cumhdaíonn sé faisnéis riaracháin maidir le híocaíochtaí glasa.

Grúpaí faisnéise i dTábla M

S **Fóirdheontais**

Sainítear deontais agus fóirdheontais de réir na catagóire fóirdheontais (S), maoiniúcháin agus aonad bunúsach. I gcás gach iontrála, tá an líon aonad bunúsach (N) agus an tsuim a fuarthas (V) le taifeadadh. D'fhéadfadh roinnt taifead a bheith ann in aghaidh na catagóire fóirdheontais toisc go bhféadfadh difríocht a bheith ann idir na haonaid bhunúsacha agus/nó na foinsí maoiniúcháin.

Mar riail ghinearálta, comhfhreagraíonn deontais agus fóirdheontais arna gclárú i dTábla M don bhliain chuntasaíochta reatha gan beann ar cá huair a fhaightear an íocaíocht (tá an bhliain chuntasaíochta coibhéiseach leis an mbliain éilimh). Is eisceacht ón riail ghinearálta sin iad fóirdheontais infheistíochta agus íocaíochtaí forbartha tuaithe seachas íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu ós rud é gur cheart do mhéideanna cláraithe a bheith ag tagairt d'íocaíochtaí a fhaightear iarbhír le linn na bliana cuntasaíochta (tá an bhliain chuntasaíochta coibhéiseach leis an mbliain íocaíochta).

AI **Faisnéis riaracháin**

Maidir le hoibleagáidí áirithe na mBallstát a bhaineann le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (CDTCT 2, 8 agus 9), sainítear iad de réir catagóir faisnéise riaracháin (AI). Tá an líon aonad bunúsach (N) agus/nó an cineál (T) le taifeadadh i gcás gach iontrála, mar a shonraítear sa tábla.

Comhfhreagraíonn an líon aonad bunúsach (N) don achar lena mbaineann caighdeáin CDTCT, limistéar a shloinntear i heicteáir.

Tagraíonn an cineál (T) d'fheidhm CDTCT ar leibhéal na feirme agus tá sé le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc
1	Tá oibleagáid ar ghabháltas talmhaíochta an ceanglas riaracháin a chomhlíonadh.
2	Baineann gabháltas talmhaíochta tairbhe as díolúine a shonraítear in CDTCT.”

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 mar a leanas:

(1) i dTábla J (Táirgeadh beostoic), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad choda:

"Struchtúr an tábla

Catagóir beostoic	Cód (*)

Grúpa Faisnéise		Colúin		
		Meánlíon	Líon	Luach
		A	**N**	**V**
AN	Meánlíon		-	-
RN	Uimhir thagartha	-		-"
OV	Luacháil tosaigh	-		
CV	Luacháil deiridh	-		
PU	Ceannacháin	-		
SA	Díolacháin iomlána	-		
SS	Díolacháin le haghaidh maraithe	-		
SR	Díolacháin le haghaidh tógáil/pórú breise	-		
SU	Díolacháin a bhfuil ceann scríbe anaithnid acu	-		
FC	Tomhaltas tí feirme	-		
FU	Úsáid feirme	-		

(2) sna nótaí míniúcháin a ghabhann le Tábla J, cuirtear an nóta seo a leanas isteach i ndiaidh an nóta maidir le 'J.AN. Meánlíon (atá le taifeadadh le haghaidh cholún A amháin)':

'**J.RN. Uimhir thagartha** (atá le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)

Is éard atá san uimhir thagartha líon na n-ainmhithe atá ar an bhfeirm de ghnáth ag am ar leith. Úsáidtear í chun aschur caighdeánach an ghabháltais agus a mhéid eacnamaíoch a ríomh. Murab ionann agus an meánlíon (AN), cumasaítear leis tréimhse a chur san áireamh, tréimhse ar lena linn atá líon níos ísle beostoic nó nach bhfuil aon bheostoc ar an ngabháltas ar feadh tréimhse eisceachtúil mar gheall ar bhriseadh eisceachtúil sa timthriall táirgthe (e.g. ráigeanna galair).

Líon (colún N)

Ba cheart líon na mbeostoc a shonrú i gcinn nó i líon le haghaidh na gcoirceog beach, arna shloinneadh go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Níor cheart an fhaisnéis seo a sholáthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Féadfar na sonraí a bhaineann leis an athróg 'J.RN.Uimhir thagartha' a sholáthar i gcásanna eisceachtúla (e.g. galar ar an ngabháltas, nó ciondíothú ar chúis sláintíochta) ón mbliain chuntasaíochta 2022. Tá an tíolacadh deonach."